h

Bainisteoir Gnó
Seomra 242a, Dr. Steevens Hospital, Baile Átha Cliath 8
T 087 9087126  R: mary.brodie@hse.ie

Business Manager
Room 242a, Dr. Steevens Hospital, Dublin 8
Tel: 087 9087126  Email: mary.brodie@hse.ie

aengus.osnodaigh@oireachtas.ie

7th July, 2020

PQ 12036/20

A Theachta Uí Shnodaigh, a chara,

Ceist Dála Uimhir : 12036/20 :
Chun a fhiafraí den Aire Sláinte cá mhéad fógra raidió éagsúil a cruthaíodh as Béarla agus cá mhéad fógra raidió éagsúil a cruthaíodh as Gaeilge maidir le héigeandáil Covid-19 ó thosaigh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus a Roinn ag cruthú fógraí raidió; cá mhéad staisiún raidió ar cuireadh na fógraí as Béarla lena gcraoladh agus cá mhéad staisiún Gaeilge ar cuireadh na fógraí as Gaeilge lena gcraoladh; cá mhéad airgead a caitheadh ar na fógraí as Gaeilge; agus cá mhéad airgead a caitheadh ar na fógraí as Béarla - Aengus Ó Snodaigh.

Ceist Dála Uimhir : 12037/20 :
Chun a fhiafraí den Aire Sláinte cá mhéad fógra teilifíse éagsúil a cruthaíodh as Béarla agus cá mhéad fógra teilifíse éagsúil a cruthaíodh as Gaeilge maidir le héigeandáil Covid-19 ó thosaigh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus a Roinn ag cruthú fógraí teilifíse; cén córas a cuireadh ar bun lena scaipeadh ar na stáisiúin teilifíse agus cad iad na stáisiúin teilifíse ar scaipeadh na fógraí as Béarla agus cad iad na stáisiúin teilifíse ar scaipeadh na fógraí as Gaeilge; cá mhéad airgead a caitheadh ar na fógraí as Gaeilge; agus cá mhéad airgead a caitheadh ar na fógraí as Béarla - Aengus Ó Snodaigh.

Ceist Dála Uimhir : 12038/20 :
Chun a fhiafraí den Aire Sláinte cá mhéad fógra as Gaeilge a chuir Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte chuig na stáisiúin ó thosaigh FSS agus a Roinn ag cruthú fógraí raidió agus fógraí teilifíse d'éigeandáil Covid-19 – Aengus Ó Snodaigh.

Ceist Dála Uimhir : 12040/20 :
Chun a fhiafraí den Aire Sláinte cá mhéad post nó tvuít nó teachtaireacht eile a cuireadh amach as Béarla agus cá mhéad post nó tvuít nó teachtaireacht eile a cuireadh amach as Gaeilge maidir le héigeandáil Covid-19 ar na meáin shóisialta ó thosaigh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus a Roinn ag cur poist nó tvuíteanna nó teachtaireachtaí eile maidir le héigeandáil Covid-19 ar na hardáin seo a leanas de chuid na meán sóisialta, arna bhriseadh síos de réir ardáin (sonraí tugtha); cá mhéad airgead a caitheadh ar fhógraíocht as Béarla; agus cá mhéad airgead a caitheadh ar fhógraíocht as Gaeilge maidir leis an éigeandáil ar na meáin sin ar fad, arna bhriseadh síos de réir ardáin - Aengus Ó Snodaigh.
Sonraí curtha ar fáil: Facebook; Twitter; Instagram; Tik Tok

h

Bainisteoir Gnó
Seomra 242a, Dr. Steevens Hospital, Baile Átha Cliath 8
T 087 9087126  R: mary.brodie@hse.ie

Business Manager
Room 242a, Dr. Steevens Hospital, Dublin 8
Tel: 087 9087126  Email: mary.brodie@hse.ie

Iarradh ar Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte freagra díreach a thabhairt ort ar an gCeist Parlaiminte thuas, a chuir tú faoi bhráid an Aire Sláinte le haghaidh freagra. Scrúdaigh mé an t-ábhar agus seo a leanas breac-chuntas den cinneadh a glacadh??.

Bhí FnaSS agus an Roinn Sláinte freagrach as an EOLAS a scaipeadh faoi COVID-19, agus threoraigh siad an clár fairsing faisnéise poiblí, fógraíochta agus oideachais atá mar chuid lárnach den fhreagairt sin.

Meastar gur cuid lárnach de phlean freagartha ráige aon tíre cumarsáid a dhéanamh leis an bpobal, éisteacht lena riachtanais agus comhairle sláinte atá furasta a leanúint a chur ar fáil. Go luath i 2020, thosaíomar ag cur comhairle shoiléir sláinte poiblí ar fáil faoin víreas atá furasta do dhaoine a thuiscint agus gníomhú dá réir.

Déanaimid taighde rialta, a roinntear ag cruinnithe faisnéise na Roinne Sláinte, chun fáil amach cén tuiscint atá ag daoine agus a bhfreagairt i leith an eolais agus an staid leanúnach?? maidir leis an víreas. Tugann sé seo deis dúinn teachtaireachtaí nó ábhar nua a ullmhú bunaithe ar an aiseolas a fhaighimid. Tuairiscíodh go rabhthas an-sásta i gcónaí le cumarsáid FnaSS agus na Roinne Sláinte inár gcuid cleachtaí taighde agus éisteachta.

Tá sé tábhachtach freisin an tacaíocht a thug gach earnáil sa tsochaí dár gclár cumarsáide a lua. Thug an Rialtas uile, ár gcomhghleacuithe san earnáil phoiblí agus eagraíochtaí agus gnóthais phríobháideacha tacaíocht dúinn. Táimid buíoch do gach duine a chuidigh linn ár gcomhairle sláinte a mhúnlú, a fhoilsiú agus a roinnt ag an am seo, agus tá áthas orainn gur thuill muid muinín agus comhoibriú an phobail atá ag a ndíchill chun srian a chur leis an víreas agus daoine a chosaint.

I dtréimhse ar leith seo an choróinvíris bhí fíorbhrú ó thaobh ama orainn agus muid ag dul i mbun ár gcuid oibre fógraíochta agus cumarsáide. D'airigh muid freisin go raibh an-fhreagracht orainn agus go gcaithfeadh muid a bheith chomh hionchuimsitheach agus ab fhéidir linn, maidir le teangacha agus leagan amach ionas go mbeadh sé éasca ag daoine le riachtanais éagsúla an t-eolas a fháil.

Tá sraith fhairsing d'ábhar ullmhaithe againn, atá oiriúnach do dhreamanna éagsúla agus do dhaoine le riachtanais éagsúla agus i gcúinsí éagsúla – tá ábhar ar fáil i mBéarla, i nGaeilge agus i réimse teangacha eile, i dteanga chomharthaíochta na hÉireann, braille, ábhar fuaime, Easy-Read agus cló mór. Chinntíomar go bhfuilimid ag comhlíonadh ár ndualgas faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla agus na hAchtanna Míchumais.

**Fógraíocht Raidió:**

Bhí deich bhfógra raidió éagsúil faoi shé ábhar sláinte poiblí éagsúla. Bhí leaganacha éagsúla i gceist i gcás roinnt fógraí bunaithe ar chomhairle Sláinte Poiblí a bhí ag athrú go minic.
Bhí na fógraí ar 37 stáisiún raidió: Radio One, 2 FM, Lyric FM, Media Central Group (Spin1038, Spin SW, Classic Hits 4fm, 98fm, Beat) iRadio NW, iRadio NE, Today FM, Newstalk, RedFM, IRS +, Nova , Clare FM , East Coast, Highland, MWR, KCLR, Ocean, Tipp FM, Sunshine, Midlands, Southeast Radio, KFM, Northern Sound, Radio Kerry, Shannonside, Urban Media Group (FM104, Q102, Cork 96, Limerick 95, C103, LMFM, Galway Bay, WLR)

Bainisteoir Gnó
Seomra 242a, Dr. Steevens Hospital, Baile Átha Cliath 8
T 087 9087126  R: mary.brodie@hse.ie

Business Manager
Room 242a, Dr. Steevens Hospital, Dublin 8
Tel: 087 9087126  Email: mary.brodie@hse.ie

D'fhiosraigh FnaSS an bhféadfaí ár bhfógraí raidió a chur ar Raidió na Gaeltachta ach cuireadh in iúl dúinn nach bhfuil a gcuid ama craolta ar fáil ar bhonn tráchtála d'fhógróirí a íocann táille, ar nós, FnaSS
Bhí  costas iomlán de € 417,236 ar FnaSS le fógraí raidió a cheannach ar na stáisiúin raidió thuas ó Mhárta - Meitheamh.

**Fógraíocht teilifíse**

Chruthaigh FSS 6 fhógra teilifíse, agus aistríodh 4 cinn de na fógraí teilifíse COVID-19 seo go Gaeilge agus craoladh iad ar TG4 amháin.
Bhí  costas iomlán de € 970,424 ar FnaSS le fógraí teilifíse a cheannach ar na stáisiúin seo a leanas ó Mhárta - Meitheamh. Cainéil Teilifíse: RTE, Virgin Media Group, TG4, Sky Media, C4 agus go digiteach ar sheinnteoirí RTE Player, VMS agus C4. Chosain leaganacha Gaeilge na bhfógraí (lena n-áirítear roinnt oibre aistriúcháin agus athghuthaithe) a craoladh ar TG4  € 21,333.

**Na meáin shóisialta**

Íocadh as roinnt de phostálacha  FnaSS, ar na meáin shóisialta agus foilsíodh roinnt eile gan aon chostas ar raon ardáin ar na meáin shóisialta. Níor íoc FnaSS ar aon phostálacha  i nGaeilge le linn na tréimhse, agus ba é an caiteachas ar phostálacha i mBéarla ar na meáin shóisialta ná thart ar € 75,000.

| | Postálacha i mBéarla | Postálacha i nGaeilge |
|---|---|---|
| Twitter | 599 | 25 |
| Facebook | 104 | 2 |
| Instagram | 76 | 0 |

**Ábhar ar shuíomh gréasáin**
Faoi láthair tá 29 leathanach d'ábhar a bhaineann leis an gcoróinvíreas  foilsithe i nGaeilge ar HSE.ie. Amharcadh ar an leagan Gaeilge 2,897 uair ó foilsíodh é. Tugadh 14 milliún cuairt ar an ábhar faoin choróinvíreas i mBéarla ó foilsíodh é.

**Ag ceannach fógraíocht ar na meáin**
Ba é cuspóir an fheachtais ar íoc FnaSS as ar na meáin, lena n-áirítear Teilifís agus Raidió, le linn ráig  COVID 19 ná teachtaireachtaí sláinte poiblí a bhí ríthábhachtach agus a bhí ag síorathrú a chur ar fáil d'oiread den daonra agus ab fhéidir. Tá dualgas orainn freisin an luach is fearr a fháil ar airgead poiblí nuair a bhíonn muid i mbun cumarsáide poiblí chun sláinte daoine a chosaint. Nuair a bhí na cainéil á roghnú againn chun é seo a bhaint amach, ghlac muid comhairle ónár ngníomhaireacht meáin maidir leis na cainéil a úsáideann grúpaí sa phobal agus an costas a bhaineann leis seo.
Déanann muid cinntí freisin bunaithe  ar ár dtaithí leathan ar fheachtais mhargaíochta sóisialta agus feachtais eolais poiblí do dhaoine atá ina gcónaí in Éirinn.

h

Bainisteoir Gnó
Seomra 242a, Dr. Steevens Hospital, Baile Átha Cliath 8
T 087 9087126  R: mary.brodie@hse.ie

Business Manager
Room 242a, Dr. Steevens Hospital, Dublin 8
Tel: 087 9087126  Email: mary.brodie@hse.ie

Inár gcumarsáid maidir le COVID-19 go dtí seo, ghlacamar céimeanna chun leaganacha Gaeilge dár gcumarsáid fógraíochta a chruthú agus iad a chraoladh ar na meáin Ghaeilge.

Bhreathnaigh muid freisin ar fhéidearthachtaí  maidir le fógraí teilifíse agus raidió i nGaeilge a chraoladh ar na stáisiúin raidió Béarla.  Fuaireamar amach, áfach, toisc go bhfuil aistriúcháin Ghaeilge níos faide ná an leagan Béarla, go mbeadh  costas breise thart ar 35% air seo agus go mbeadh plean ceannaigh ar leith de dhíth chun fógraí d' fhaid éagúla a cheannach.
De bharr na gcúinsí seo agus de bhrí nach bhfuil sé de dhualgas orainn faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla é seo a dhéanamh ghlac muid leis nach raibh feidhm dúinn é seo a dhéanamh agus nach bhfaigheadh muid an luach airgid is fearr dá gcaithfí airgead poiblí mar seo ar na meáin le linn tréimhse na ráige.

Táimid sásta glacadh le haon aiseolas maidir leis an bhfeachtas cumarsáide faoi COVID-19, agus oibriú le gach grúpa sa tsochaí lena chinntiú nach bhfágtar daoine ar lár agus cumarsáid a dhéanamh leis an oiread daoine agus is féidir.
Tá súil agam go bhfreagraíonn sé seo do cheist.
Más féidir liom aon chúnamh breise a thabhairt, ná bíodh aon leisce ort teagmháil a dhéanamh liom.

Le dea-mhéin,

Mary Brodie
An Stiúrthóireacht Chumarsáide